# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch Agus Sóisialta

## Gnáthleibhéal

## Scéim Mharcála

*Treoracha d'iarrthóirí*:

**Roinn A** 60 marc
Freagair **deich** gceist ar bith sa roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn B** 180 marc
Freagair **Ceist 1** agus **dhá** cheist ar bith eile as an roinn seo.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1.
Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**Roinn C** 40 nó 80 marc
Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach **nó** Ceist 4 (croí-ábhar) lena n-áirítear **cuid (a)** agus **cuid (b) nó (c).**
Má chuir tú isteach obair chúrsa i *dTeicstílí, Faisean agus Dearadh* le haghaidh an scrúdaithe, ní cheadaítear duit ach Ceist 2 as an roinn seo a fhreagairt.

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile*
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. *D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt*

**Tábla na nGrád**

| Grád | Ábhar Roghnach 1, 3 agus C4 | Ábhar Roghnach 2 |
|---|---|---|
| 1 | 288-320 | 252-280 |
| 2 | 256-287 | 224-251 |
| 3 | 224-255 | 196-223 |
| 4 | 192-223 | 168-195 |
| 5 | 160-191 | 140-167 |
| 6 | 128-159 | 112-139 |
| 7 | 96-127 | 84-111 |
| 8 | ‹ 71 | 0-83 |

**Nóta mínithe-Eacnamaíocht Baile 2023**

Ba cheart marcanna mínithe a chur gar don fhreagra ceart/ceart go páirteach. D'fhéadfadh athrú a bheith ann maidir le dathanna na nótaí mínithe.

| Nóta mínithe | Míniú |
|---|---|
| 0 | Náid bronnta |
| ✓ 1 | Marc **amháin** bronnta |
| ✓ 2 | **Dhá** mharc bronnta |
| ✓ 3 | **Trí** mharc bronnta |
| ✓ 4 | **Ceithre** mharc bronnta |
| ✓ 5 | **Cúig** mharc bronnta |
| ✓ 6 | **Sé** mharc bronnta |
| ✓ 7 | **Seacht** marc bronnta |
| ✓ 8 | **Ocht** marc bronnta |
| ⌇ | Leathanach bán |
| F | Marcanna iomlána bronnta don phointe breise |
| P | Cuid de marcanna bronnta don phointe breise |
| < | Pointe/obair nach ndearnadh iarracht air/uirthi |
| A | Marc lascaine |
| P1 | Bain marc **amháin** |
| P2 | Bain **dhá** mharc |
| P3 | Bain **trí** mharc |

| | |
|---|---|
| **P4** | Bain **ceithre** mharc |
| **P5** | Bain **cúig** mharc |
| **P6** | Bain **sé** mharc |
| **P7** | Bain **seacht** mharc |
| **P8** | Bain **ocht** mharc |
| **P9** | Bain **naoi** mharc |
| **P10** | Bain **deich** mharc |
| SMM | Scéim mharcála athraithe |

Ní mór d'iarrthóirí ceist amháin a fhreagairt i Roinn C. Baineann ceist C2 leis an ábhar roghnach *Teicstílí, Faisean agus Dearadh*. Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir C2 agus ceist eile as C1, C3 nó C4, cuireann an scrúdaitheoir marc lascaine i bhfeidhm sa chaoi nach n-áirítear ach an marc is airde. Baintear leas as nóta mínithe A le cur in iúl go bhfuil marc lascaine á chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun -23 a chur i bhfeidhm mar mharc lascaine, d'úsáidfeadh scrúdaitheoir A, P10, P10, P3 chun -10, -10 agus -3 a chur i bhfeidhm, is é sin -23 san iomlán.

# Roinn A

Freagair **deich** gceist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.

**1.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Tá aigéid shailleacha pholai-neamhsháithithe le fáil in iasc olúil | ✓ | |
| Tá an dúil, nítrigin, i lipidí (saillte) | | ✓ |
| Cosnaíonn fíochán saille orgáin leochaileacha sa chorp | ✓ | |

**2.** Luaigh **trí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar na riachtanais fuinnimh atá ag daoine fásta.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*meachán coirp; méid coirp; inscne, bíonn fir éagsúil ó mhná; toircheas, lachtadh; aois, níos lú ag teastáil ó dhaoine breacaosta; aeráid, níos lú ag teastáil in aimsir te; gníomhaíocht coirp;ráigeanna fáis; gairm, níos mó ag teastáil ó oibrithe láimhe; bunráta meitibileach (BRM); stíl mhaireachtála neamhghníomhach; stádas sláinte; srl.*

**3.** Úsáid na focail thíos chun na ráitis a leanas maidir le próitéin a chríochnú.

**albaimin** **téachtann** **aerú**

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

Nuair a théitear uibheacha, **téachtann** slabhracha próitéine.

Tarlaíonn **aerú** nuair a bhuailtear gealacáin uibhe.

Próitéin is ea **albaimin** atá i láthair i ngealacán uibhe.

**4.** Luaigh **dhá** fheidhm atá ag an iarann sa chorp.

**2 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*riachtanach ó thaobh foirmiú haemaglóibin lí i bhfuilchealla dearga; iompraíonn haemaglóibin ocsaigin timpeall an choirp; cuireann sé cosc ar ainéime; táirgeann iarann mióglóibin agus iompraíonn mióglóibin ocsaigin chuig na meatáin; riachtanach ó thaobh feidhmiú éifeachtúil einsímí chun fuinneamh a scaoileadh ó bhia; srl.*

Ainmnigh foinse chothaithe **amháin** den iarann.

**1 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*feoil; táirgí feola; scairteach; éanlaith; uibheacha; gránaigh; glasraí glasa; éisc; srl.*

**5.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Tiontaítear carbaihiodráit ina glúcós le linn díleá | ✓ | |
| Táirgtear domlas sa ghoile | | ✓ |
| Is próitéiní iad einsímí atá riachtanach don díleá | ✓ | |

**6.** Maidir le gránaigh, ainmnigh táirge bia difriúil **amháin** a dhéantar as gach ceann acu seo thíos:

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

| **Gránach** | **Táirge bia** |
|---|---|
| *Cruithneacht* | *pasta; gránach bricfeasta; arán; srl.* |
| *Rís* | *cístí ríse; brioscáin ríse; rís fhadghráinneach; rís chaiscín/dhonn/rua; ríspháipéar; srl.* |
| *Arbhar/Grán buí* | *ola arbhar; grán rósta; calóga arbhair; srl.* |

ní mór táirge éagsúil a lua, m.sh. ná ceadaítear ach gránach amháin bricfeast

**7.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shlí éagsúla ar féidir le déagóir cur leis an méid snáithín ina réim bia.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*bran a chur le gránach bricfeasta; líon na dtorthaí/glasraí a itheann siad a mhéadú; ná bain an craiceann de thorthaí ná glasraí; craicne torthaí agus glasraí a ithe; arán/pasta/rí donn a ithe; síolta agus cnónna a chur le bia; úsáid a bhaint as plúr donn seachas plúr bán, srl.*

**8.** Ainmnigh oibreán ardaithe éagsúil **amháin** a bheadh oiriúnach do gach ceann de na táirgí bácáilte seo a leanas.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

| Táirgí bácáilte | Oibreán ardaithe |
|---|---|
| *Císte spúinse* | *aer; glactar le plúr éiritheach; srl.* |
| *Arán* | *sóid aráin; giosta; aer; púdar bácála; srl.* |
| *Císte faoi dhraonán líomóide* | *púdar bácála; aer; srl.* |

**9.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** threoirlíne le leanúint agus tú ag gríoscadh mar mhodh cócaireachta.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*réamhthéigh an gríoscán nó an beárbaiciú chuig an teocht chuí; bain úsáid as tlú chun an bia a chasadh; gríosc le hola, déan greille de ionas nach ngreamódh an bia; séalaigh dromchla an bhia le teas ard; oiriúnach do phíosaí tanaí bia; ná chuir salann ar bhia sula ndéantar é a ghríosc; am oiriúnach cócaireachta chun róchócaráil a sheachaint; srl.*

**10.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Déantar tástáil acmhainne sular féidir liúntas leasa forlíontach a fháil | ✓ | |
| Is íocaíocht leasa uilíoch é sochar linbh | ✓ | |
| Tá íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht ar fáil d’fhostaithe atá ar phá íseal agus a bhufuil leanaí acu | ✓ | |

**11.** Ainmnigh cineál **amháin** creidmheasa atá ar fáil do thomhaltóirí.

**1 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*cárta creidmheasa; rótharraingt; iasacht théarmach; fruilcheannach; morgáistí; srl.*

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann leis an gcineál creidmheasa a d'ainmnigh tú.

**2 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*ráta ard úis; éasca an iomarca comhaontuithe creidmheasa a bheith ag duine; éasca barraíocht a chaitheamh; spreagtar an tobcheannach; d'fhéadfaí go n-athshealbhófaí earra; ní bhíonn úinéireacht na n-earraí ag duine go dtí go ndéantar an íocaíocht dheiridh; srl.*

**12.** Déan cur síos ar **thrí** fheidhm atá ag teicstílí sa teach.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*teas; insliú; compord; cosaint; sábháilteacht; ionsúiteacht; príobháideachais; torann a shú; maisiú; sláinteachas; srl.*


**13.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** threoirlíne le leanúint agus oigheann micreathonnach á roghnú.

**3 @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*cuir costas san áireamh m.sh. an costas tosaigh, an costas reatha; cáilíocht; méid/riachtanais teaghlaigh; branda; vatacht; socrúcháin réamh-ríomhchláraithe; teicneolaíocht chliste; an spás atá ar fáil; gnéithe sábháilteachta; ráthaíocht; iontaofacht; dearadh agus déantús; éasca le feidhmiú; éasca le glanadh; seirbhís iardhíola; srl.*


**14.** Cén t-eolas a chuireann **gach** ceann de na siombailí cúraim fabraice seo thíos in iúl don tomhaltóir?

**2 @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)



(*www.beezzly.com*)

*siltriomú*



(*www.reddit.com*)

*ná triomaigh i dtriomadóir rothlaim*

## Roinn B

Freagair **Ceist 1** agus **dhá** cheist eile ar bith as an roinn seo.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**Ceist 1**
'Is earnáil de mhargadh an chothúcháin atá ag méadú go tapa iad barraí próitéine.' (*www.tastetech.com*)

Sa tábla thíos, taispeántar faisnéis chothaithe in aghaidh gach 100 g, de thrí bharra próitéine.

| | **Pis talún & seacláid** | **Pis talún & caramal** | **Im piseanna talún briosc** |
|---|---|---|---|
| **Fuinneamh (kcal)** | 492 kcal | 373 kcal | 518 kcal |
| **Próitéin** | 25.6 g | 36.3 g | 25 g |
| **Carbaihiodráití**<br>**ar siúcraí iad** | 24 g<br>15 g | 16 g<br>3 g | 26 g<br>16 g |
| **Snáithín** | 13.6 g | 16.1 g | 14 g |
| **Saill**<br>**ar saillte sáithithe di** | 30 g<br>9 g | 15.9 g<br>8 g | 12 g<br>5 g |
| **Salann** | 0.95 g | 0.73 g | 0.59 g |

**(a)** Úsáid an t-eolas sa tábla thuas agus luaigh cé acu barra próitéine a mholfá do dhuine óg a imríonn spórt.
Tabhair **ceithre** chúis le do rogha. (24 marc)

**Ainmnigh: 4 mharc** (grádaithe 4;0)**, Fáthanna: 4 @ 5 mharc** (grádaithe 5:4:3:2:0)

**Pis talún & seacláid***: an dara cion is airde kcal le haghaidh fuinnimh; dara cion is airde de phróitéin le haghaidh fáis agus deisithe; dara cion is airde de charbaihiodráit le haghaidh teasa agus fuinnimh; cion is lú snáithín, díleá sláintiúil; cion is airde de shaill sháithithe le haghaidh teasa agus fuinnimh; cion is airde salainn le haghaidh cothromaíocht leictrilíte; an dara cion is airde de shiúcra le haghaidh fuinnimh; srl.*
**Pis talún & caramal***: cion is lú kcal chun murtall a chosc; cion is airde de phróitéin le haghaidh fáis agus deisithe; cion is lú de charbaihiodráit chun murtall/diaibéiteas a chosc; cion is lú de shiúcra chun diaibéiteas/lobhadh na bhfiacla a chosc; cion is airde de shnáithín le haghaidh díleá sláintiúil; dara chion is airde de shalann le haghaidh cothromaíocht leictrilíte; srl.*
**Im piseanna talún briosc***: an cion is airde kcal le haghaidh fuinnimh; cion is lú de phróitéin le haghaidh fáis agus deisithe; an cion is airde de charbaihiodráit le haghaidh teasa agus fuinnimh;, cion is airde de shiúcra le haghaidh fuinnimh; dara chion is airde de shnáithín le haghaidh díleá sláintiúil; cion is lú de shaill sháithithe chun carnadh colaistéaróil a chosc; cion is airde de shalann chun brú fola ard a chosc; srl.*

**(b)** Tabhair cuntas ar an bpróitéin faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas: (26 marc)

- **aicmiú**

**2 aicme @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*ardluach bitheolaíoch/próitéin ainmhíoch; íseal-luach bitheolaíoch/próitéin glasraí/plandaí próitéiní simplí; próitéiní comhchuingithe; srl.*

- **foinsí sa réim bia**

**3 fhoinse @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*feoil; éisc; táirgí déiríochta, bainne, cáis, iógairt; uibheacha; pónairí soighe; gránaigh; cnónna; lintilí; síolta; pónairí, piseanna; srl.*

- **feidhmeanna sa chorp**

**2 fheidhm @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*fás; deisiú cealla coirp; monarú cealla nua; foirmiú meatáin; craiceann; cillscannán; táirgeadh hormón; antasubstaintí; einsímí; táirgeadh plasma fola; srl.*

**(c)** Mínigh an tábhacht a bhaineann le huisce a bheith san áireamh i réim bia duine a imríonn spórt. (10 marc)

**2 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*rialaíonn sé teocht an choirp; tá sé mar chuid de gach ceall coirp; dramhaíl a bhaint; déanann sé tart a mhúchadh; riachtanach chun bia a bhriseadh síos le linn díleá; iompraíonn sé cothaithigh, ocsaigin, dé-ocsaíd charbóin, hormóin agus einsímí timpeall an choirp; cuireann sé mianraigh ar fáil m.sh. cailciam, fluairín; srl.*

**(d)** Pléigh **ceithre** threoirlíne is cóir do thomhaltóirí a leanúint chun costais tí a laghdú agus bia á bpleanáil agus á gceannach. (20 marc)

**4 threoirlíne @ 5 mharc an ceann** (grádaithe 5:3:0)

*déan béilí a phleanáil ar bhonn seachtainiúil; déan amach liosta siopadóireachta; bain úsáid as aipeanna pleanála béile; bain úsáid as gearrthacha níos saoire feola; ceannaigh torthaí agus glasraí úra; ceannaigh éisc níos saoire m.sh. ronnach; bain úsáid as fuílleach bia nuair is féidir; breathnaigh thart le haghaidh tairiscintí speisialta; ceannaigh earraí féinbhranda; déan an tsiopadóireacht in ollmhargaí níos mó lascaine seachas siopaí áise níos lú; seachain bia saoráideach réamhullmhaithe costasach; ceannaigh bia neamhphacáistithe; ceannaigh ar an mórchóir; bain leas as scéimeanna dílseachta; srl.*

**Ceist 2**

'Tá mairteoil ar chaighdeán níos airde á ceannach anois ag 17% de thomhaltóirí na hÉireann.'

(*www.farmersjournal.ie*)

**(a)** Tabhair cuntas **(i)** ar luach cothaitheach **agus (ii)** ar luach diaitéiteach na feola. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:4:3:2:0)

**(1 thagairt do luach cothaitheach, 1 thagairt do luach diaitéiteach, móide 2 tagairt eile)**

**cothaitheach**: *próitéin ALB; saill sháithithe; gan charbaihiodráití; grúpa vitimín B, vitimín A agus D in ae; easnamh vitimín C; iarann i bhfeoil dhearg; méideanna beaga sulfair, since, potaisiam; srl.*

**diaitéiteach**: *sárfhoinse próitéine le haghaidh fás agus deisiú cealla coirp; saill sháithithe, cuirtear teas agus fuinneamh ar fáil; líon ard colaistéaróil, ba cheart do dhaoine le galar corónach croí (GCC) í a sheachaint; deacair lena díleá; cuir carbaihiodráit leis m.sh. arán; déantar iarann haeim a shú isteach go héasca; tábhachtach do mhná torracha, do leanaí, do dhéagóirí agus do mhná a bhíonn ag míostrú; srl.*

**(b)** Úsáid feoil mar an príomh-chomhábhar agus dear biachlár dhá chúrsa a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae do theaghlach ar ioncam íseal.
Tabhair cúiseanna le do rogha bianna. (20 marc)

**Biachlár: 2 chúrsa @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

**Biachlár samplach**

| |
|---|
| *Spaigití Bolognese* |
| ***** |
| *Mionbhruar úll* |

**3 chúis @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

**(Ní mór go ndéanfaidh pointe amháin tagairt d'ioncam íseal)**

*luach cothaitheach; áisiúlacht; costas; rogha an duine; scileanna chun an béile a dhéanamh; tá líon ard próitéine i bhfeoil, rud atá go maith le haghaidh fáis agus deisithe; líon ard iarainn, go maith do mhná torracha agus do chailíní sna déaga; béile cothrom; éasca lena chócaráil; gasta lena ullmhú; trealamh oiriúnach; éasca lena dhíleá; srl.*

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** mhodh éagsúla le feoil a mhaothú. (10 marc)

**2 mhodh @ 5 mharc an ceann** (grádaithe 5:3:0)

*sula maraítear an t-ainmhí, tabhair instealladh d'einsímí próitéalaíocha; mionú; maranáidiú; tuargaint le casúr feola; polladh le snáthaidí; sula ndéantar í a chócaráil, croith le maothóir feola; modhanna malla boga cócaireacht m.sh. stobhadh; srl.*

**Ceist 3**
Cuidíonn bia a ullmhú agus a stóráil go sábháilte le cur amú bia a chosc i dtithe na hÉireann.

**(a)** Pléigh **ceithre** chleachtas sláinteachais sa chistin is cóir a leanúint lena chinntiú go ndéantar bia a ullmhú agus a stóráil go sábháilte. (16 mharc)

**4 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)
**(1 tagairt amháin d'ullmhúchán, 1 tagairt amháin do stóráil + 2 phointe eile)**

**ullmhúchán**: *ná bí ag láimhseáil an bhia an iomarca; nigh do chuid lámha sula láimhseálann tú an bia; ba cheart feoil agus éanlaith a dhíreo ina n-iomláine sula ndéantar iad a chócaráil; ná bíodh bia lasmuigh den chuisneoir ar feadh tréimhse fhada le linn an ullmhúcháin; cinntigh go bhfuil dromchlaí agus uirlisí glan; bíodh soilsiú agus aeráil mhaith ann; seachain traséilliú; srl.*
**stóráil**: *cumhdaigh bia sula stóráiltear é; seiceáil teocht an chuisneora/reoiteora; seiceáil na dátaí ar fearr roimhe agus faoinar cheart a úsáid; déan bia solofa a stóráil faoi bhun 5°C; déan bia reoite a stóráil ag -18°C; lig do bhia cócaráilte fuarú sula stóráiltear é; déan bia solofa agus fuaraithe cócaráilte a stóráil sa chuisneoir; déan bia réidh lena ithe a stóráil ar leithligh ó bhia amh ag bun an chuisneora; ná déan an cuisneoir a róphacáil; srl.*

**(b)** Leag amach na torthaí ar staidéar a rinne tú ar fhearas cuisniúcháin. Déan tagairt dóibh seo a leanas: (26 marc)

- an cineál fearas cuisniúcháin

**1 chineál amháin @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

*caighdeánach faoin gcuntar; cuisneoir lardrúis; cuisneoir-reoiteoir; cuisneoir Meiriceánach; cuisneoir stíl reitreo; samhail chomhtháite; cuisneoir cliste; srl.*

- treoirlínte lena úsáid

**3 threoirlíne @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*lean treoracha an déantóra; ná hoscail an doras gan ghá; lig do bhia fuarú roimh ré; cumhdaigh bia chun nach triomóidh sé amach; déan bia amh agus bia cócaráilte a stóráil ar leithligh chun traséilliú a sheachaint; bain úsáid as bia i tsealaíocht; déan bia a dhíreo sa chuisneoir; lig d'aer dul thart ar bhia; ná pacáil an iomarca; srl.*

- cúram agus glanadh

**3 threoirlíne @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*cuir amach ó fhoinse teasa é; díreo go rialta; glan an taobh istigh le sóid aráin; ná húsáid oibreáin glantacháin a bhfuil boladh láidir uathu; seiceáil agus glan séala an dorais go rialta; coinnigh cúl an chuisneora saor ó dhusta; mura bhfuil sé in úsáid, fág díphlugáilte agus oscailte é; srl.*

**(c)** Déan cur síos ar conas a chuir an teicneolaíocht le héifeachtúlacht níos fearr agus béilí teaghlaigh á bpleanáil agus á n-ullmhú. (8 marc)

**2 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*le hamadóir bíonn billí níos ísle ann; le fearais leictreacha sábháiltear am, laghdaítear ualach oibre; aipeanna le haghaidh pleanáil biachlár; aipeanna chun breathnú isteach sa chuisneoir/sa chuisneoir cliste; dromchlaí atá éasca a ghlanadh; iartaí ionduchtúcháin; micreathonnáin; cócaireáin mhalla; aerfhriochtóirí; próiseálaithe bia; siopadóireacht ar líne; srl.*

**Ceist 4**
Bunáit is ea teach an teaghlaigh a chuireann compord agus sábháilteacht ar fáil do bhaill an teaghlaigh.

**(a)** Mínigh conas a imríonn na gnéithe thíos tionchar ar rogha an teaghlaigh nuair atá teach teaghlaigh á cheannach nó á fháil ar cíos:

- riachtanais an teaghlaigh
- costas
- suíomh
- treochtaí i bhforbairt tithíochta.

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**riachtanais an teaghlaigh**: *leanaí óga; spás níos mó faoin aer; spás don staidéar; spás oifige; seomraí leapa ar leith; riachtanais speisialta, míchumas fisiciúil; tuismitheoirí aosta; seomraí folctha; spás leordhóthanach stórála; srl.*
**costas**: *airgead atá ar fáil/ioncam; táillí gníomhaireachta iasachta; táillí dlí; dleacht stampála; ráta úis; costas aisíocaíochtaí; socraíonn costas an méid agus an suíomh; luach athdhíola maoine; éifeachtúlacht fuinnimh/rátáil RFF; srl.*
**suíomh**: *cóngaracht don obair, do shiopaí, do scoileanna; tosca timpeallachta; forbairtí beartaithe sna ceantair; faoin tuath nó uirbeach; áiseanna m.sh. leictreachas, uisce, bruscar; iompar; an pobal áitiúil, comharsana; cúrsaí príobháideachais agus slándála; rioscaí féideartha m.sh. truailliú, tuilte; srl.*
**treochtaí i bhforbairt tithíochta**: *le heastáit tithíochta, bíonn raon cineál tithe; spásanna glasa oscailte; bealaí isteach múrtha; áiseanna ar fáil; bogtar ar shiúl ó fhorbairtí tithe aonair; forbairt eastáit bheaga gheataithe; ag ceannach seantithe lena n-athchóiriú; tithe ionchathrach a athfhorbairt; tithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol; saol árasáin; tithe éighníomhacha le rátáil fuinnimh ard-rátáil RFF; srl.*

**(b)** Déan cur síos ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le hárachas tí a bheith agat. (15 mharc)

**3 bhuntáiste @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*suaimhneas intinne; cosnaítear sócmhainní m.sh. earraí luachmhara; tugtar cosaint in aghaidh caillteanas nó díobháil de dheasca buirgléireachta; tinte; tuilte; slándáil; dliteanais phoiblí san áireamh; srl.*

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shlí éagsúla ar féidir le tomhaltóirí truailliú a laghdú chun an timpeallacht (comhshaol) a chosaint. (15 mharc)

**3 shlí @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*leas a bhaint as glantaigh fosfáite; srian a chur ar leasacháin shaorga agus lotnaidicídí; leas a bhaint as foinsí fuinnimh in-athnuaite; CFCanna a sheachaint, roghnaigh táirgí pumpála atá neamhdhíobhálach don ózón; bain úsáid as breosla saor ó thoit; seachain breosla iontaise; bain úsáid as carr leictreach; déan tuilleadh siúlóide agus rothaíochta; bain úsáid as iompar poiblí; ceannaigh fearais atá tíosach ar fhuinneamh; déan dramhaíl bia a mhúiríniú; déan éadaí a uaschúrsáil; roghnaigh táirgí in-bhithmhillte; ceannaigh rudaí ar athlámh; déan gloine, páipéar, miotal agus táirgí plaisteacha a athchúrsáil; bain úsáid as táirgí athuair; ná ceannaigh ach táirgí a mbainfeá úsáid astu; ceannaigh táirgí le níos lú pacáistíochta; bain úsáid as buidéal in-athúsáidte uisce; srl.*

**Ceist 5**
'Tá Éire aitheanta go hoifigiúil mar cheann de na háiteanna is fearr chun dul in aois inti.' (*WHO*)

**(a)** Pléigh **ceithre** ról agus fhreagracht ag daoine breacaosta sa teaghlach. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**róil**: *am a chaitheamh lena gcuid páistí/garpháistí; cúram leanaí; cuidiú airgeadais le haghaidh a dteaghlach; tacaíocht mhothúchánach dá gcuid páistí/garpháistí; luachanna a chur ar aghaidh m.sh. urraim agus taithí saoil; cuidiú le cothabháil tí; srl.*
**freagracht**: *is minic go múineann seantuismitheoirí urraim do dhaoine óga go hindíreach agus is féidir leo a bheith ina gcrann taca iontach dá gcuid páistí/garpháistí; níos réchúisí lena gcuid garpháistí agus is féidir leo a bheith ina n-eiseamláirí dearfacha; srl.*

**(b)** **(i)** Luaigh **dhá** chúis a mbíonn coimhlint ann idir déagóirí agus daoine fásta.

**2 chúis @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*ceistíonn déagóirí rialach agus údarás; d'fhéadfaidís post páirt-aimseartha a fháil agus bheadh tuismitheoirí den tuairim nach bhfuil siad ag caitheamh dóthain ama i mbun staidéir; bíonn déagóirí ag lorg saoirse óna gcuid tuismitheoirí; athrú sa teaghlach amhail leanbh nua nó colscaradh; coimhlint idir shiblíní; deacrachtaí le disciplín; droch-chumarsáid; ionchais arda ó thuismitheoirí; obair scoile; úsáid na meán sóisialta/guthán; buachaill cara/cailín cara; an t-eaglais/reiligiún; cuma phearsanta; caitheamh tobac, alcól, úsáid drugaí; mí-ionracas; srl.*

**(ii)** Mínigh **dhá** shlí chun déileáil leis an gcoimhlint seo. (20 marc)

**2 shlí @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*seachnaítear achrann le cumarsáid mhaith; tá sé tábhachtach go bhfuil a fhios ag gach duine cad a bhfuiltear ag súil leis uathu agus cá bhfuil a gcuid teorainneacha; foighne; seachnaítear achrann nuair a thuigtear daoine eile; ba cheart go mbeadh meas ag daoine óga ar ghaois agus ar thaithí daoine fásta; meas a bheith ann ar an dá thaobh; ná tabhair neamhaird ar achrann; srl.*

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach do dhuine breacaosta uacht a dhéanamh. (10 marc)

**2 chúis @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*chun go mbeidh mianta an duine maidir le dáileadh a eastáit tar éis a bháis leagtha amach; cinnteoidh seiceadóir go ndéanfar mianta an duine nach maireann a urramú; má fhaigheann duine bás gan uacht a fhágáil; má fhaigheann duine bás gan uacht a fhágáil rachaidh cuid mhór dá eastát chuig an stát; aistrítear réadmhaoin chuig duine/daoine ar mian leis an duine nach maireann; is féidir cáin oidhreachta a laghdú do chleithiúnaithe; socruithe caomhnóireachta do leanaí má tá an bheirt tuismitheoirí básaithe; srl.*

# Roinn C

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **1(a)** agus **1(b) nó 1(c)** a fhreagairt.

**1.(a)** Taispeántar thíos dearadh de sheomra folctha comhaimseartha.



(*www.victoriaplum.com*)

**(i)** Déan measúnú ar oiriúnacht spás an tseomra folctha a thaispeántar thuas do lánúin a bhfuil leanaí acu. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*spás mór go leor don teaghlach; éasca le coinneáil glan; cithfholcadán mór siúil isteach; rogha idir fholcadán agus chithfholcadán; dearadh nua-aimseartha; eirgeanamaíocht mhaith; ciseán níocháin le haghaidh éadaí salacha; carn tuáillí; crúca chun éadaí a chrochadh air; fuinneog mhór; báisín agus leithreas crochta ar an mballa chun glanadh a éascú; scáthán mór; dallóg rómhánach le haghaidh príobháideachais; d'fhéadfadh seilfeanna a bheith ina nguais do leanaí beaga; srl.*

**(ii)** Pléigh **trí** thoisc is cóir a chur san áireamh nuair atá córas teasa á roghnú do theach cónaithe. (15 mharc)

**3 thoisc @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**costas**: *suiteáil; reáchtáil agus cothabháil; srl.*
**éifeachtúlacht fuinnimh**: *an bhfuil an pointe in-athnuaite; srl.*
**áisiúlacht**: *amadóir uathoibríoch atá éasca le húsáid; teirmeastat chun téamh a rialú; teicneolaíocht chliste; srl.*
**compord**: *teocht sheasmhach; srl. sábháilteacht: tús áite do theaghlaigh le leanaí óga; srl.*
**téamh uisce**: *tumthéitheoir le hamadóir chun leictreachas a shábháil; téitheoirí meandracha; srl.*
**tarraingt aeistéitiúil**: *teas faoin urlár; cineálacha radaitheoirí; srl.*
**tionchar ar an gcomhshaol**: *táirgeann breosla gáis agus saor ó thoit níos lú truaillithe; slr.*

**(iii)** Déan cur síos ar **thrí** threoirlíne le leanúint maidir le leictreachas a úsáid go sábháilte sa teach. (15 mharc)

**3 threoirlíne @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*Ná déan soicéid a ró-ualú; ná húsáid cuibheoirí más féidir; ná húsáid fleisceanna atá ag sraoilleadh; múch fearais nuair nach bhfuil siad in úsáid; déan fearais a dhíphlugáil roimh iad a ghlanadh; coinnigh fearais in ordú maith oibre; ná déan fearais, soicéid, plocóidí a láimhseáil le lámha fliucha; ceannaigh fearais ar chaighdeán maith; ná tabhair fearais leictreacha isteach sa seomra folctha; srl.*

**agus**

**1.(b)** 'Is i dtithe cónaithe a ídítear an ceathrú cuid den fhuinneamh ar fad a úsáidtear in Éirinn.'
(*www.seai.ie*)

**(i)** Déan cur síos ar **thrí** straitéis a d'fhéadfaí a úsáid chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh sa teach. (15 mharc)

**3 straitéis @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*teach ata inslithe go maith; coire seirbhíse go rialta; teirmeastait a shocrú chun an teocht a cheartú; bain úsáid as teas de réir creasa; bain úsáid as bolgáin vatachta cearta; úsáid bolgáin LED; na soilse a mhúchadh nuair nach bhfuil siad in úsáid; píopaí moillithe agus sorcóir uisce; cithfholcadáin a ghlacadh in ionad folcadáin; bíodh lasc ama agus teirmeastat ar thumoideachas; seachain níocháin faoin sconna reatha; ná fág fearais ar fuireachas; éicea-shocruithe a úsáid; fearais a úsáid ag lánacmhainneacht; ceannaigh fearais rátáilte A; srl.*

**(ii)** Ainmnigh foinse fuinnimh in-athnuaite **amháin agus** tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann leis an bhfoinse fuinnimh atá ainmnithe agat. (15 mharc)

**Ainmnigh: 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)**, 2 bhuntáiste @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**sábhálann an ghrian** *suas le 68% ar bhillí teasa; soláthar flúirseach uisce te do théamh spáis agus uisce; athraíonn sé solas ón ngrian go leictreachas; gan aon astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin; deontais ar fáil; luach na réadmhaoine a mhéadú tríd an RFF a ardú; srl.*
**adhmad** *cuireann adhmad le bithmhais; táirgtear teas réasúnta; srl.*
*gaoth gan teorainn; glan agus neamhthruaillitheach; costais reatha ísle; gan astaíochtaí; srl.*
**hidreachumhacht** *an-inmharthana le feidhmiú in Éirinn; tá costais reatha ísle nuair a chuirtear an gléasra ar bun; gan astaíochtaí; srl.*
**bithfhuinneamh** *atá oiriúnach chun tithe agus uisce a théamh; is féidir bithbhreosla leachtach a úsáid mar bhreosla d'fheithiclí;*
**geoiteirmeach** *éifeachtach o thaobh costais; deontais ar fáil le haghaidh suiteála; astaíochtaí gás ceaptha teasa níos ísle; iontaofa; srl.*

**nó**

**1.(c) (i)** Déan cur síos ar fheidhm na gcodanna thíos de sholáthar uisce fuar do theach:

- buacaire **1 fheidhm @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
- umar stórála **1 fheidhm @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
- píobán sceite **1 fheidhm @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0) (15 mharc)

**buacaire**: *comhla speisialta a fuarthas ar phíobán seirbhíse taobh amuigh den teach/faoin doirteal cistine; ceadaíonn sé an soláthar uisce a mhúchadh má bhíonn fadhb ann; srl.*
**umar stórála**: *suite san áiléar ar leibhéal ardaithe; feabhsaíonn brú chun an córas a sholáthar; rialaíonn comhla liathróid leibhéal an uisce san umar; stóráiltear an t-uisce fuar a sholáthraíonn an t-uisce fuar don leithreas, don chithfholcadh agus don umar brú te; srl.*
**píobán sceite***: bíonn píobán sceite curtha in umair stórála san áiléar, ar píobán é a théann chuig an taobh amuigh den teach agus a iompraíonn uisce breise a chur amach as an teach; mura n-oibríonn an comhla liathróide seachnaítear tuilte; srl.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** threoirlíne le leanúint chun an méid uisce a úsáidtear sa teach a laghdú. (15 mharc)

**3 threoirlíne @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**leithreas**: *suiteáil leithreas déshruthlaithe; is féidir córas bailithe báistí atá nasctha leis an gcóras uisce a úsáid chun leithris a shruthlú; srl.*
**sconnaí**: *deisigh sconnaí a bhíonn ag ligean; ná nigh aon rud faoi sconna atá ag rith; ná fág sconnaí ag rith agus na fiacla á nglanadh; bain úsáid as báisín sa doirteal seachas nithe a ní faoi sconna atá ag rith; srl.*
**fearais:** *líon an citeal leis an méid uisce is gá; fan go dtí go bhfuil an t-inneall níocháin nó an miasniteoir lán sula gcastar ar siúl iad; bain úsáid as ciogal níocháin barainneachta nó éiciníocháin; srl.*
**uisce:** *bain úsáid as cith seachas folcadh; srl.*

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh – 40 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **2(a) agus 2(b) nó 2(c)** a fhreagairt.

**2.(a)** 'Tugann féilte ceoil nósanna faisin nua isteach a chuireann le tionscal an fhaisin.' (*ww.guardian.com*)





(*www.pintrest.com*)

**(i)** Déan trácht ar oiriúnacht an fhaisin féile a thaispeántar thuas.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- compord **2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- feidhm **2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
- tarraingt aeistéitiúil. **2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0) (18 marc)

**compord**: *éascaíonn an t-éadach gluaiseacht éasca; síneann sé gan an cruth a chailliúint; éasca léi,, seaicéid, geansaí a bhaint; bróga dea-fheistithe/buataisí; srl. éagsúlacht dathanna; sraitheanna éadaí; srl.*
**feidhm**: *buataisí uiscedhíonacha; buataisí fada; stocaí go glúine; spéaclaí gréine; seaicéad fadmhuinchilleach; srl.*
**tarraingt aeistéitiúil**: *cuma shuaimhneach; cuma shraithithe; d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach do gach cruth agus méid; tarraingteach do dhaoine níos óige; srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar mhodh **amháin** le dearadh a chur i bhfeidhm ar éadach. (7 marc)

**1 phointe amháin @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)**, 1 phointe amháin @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*priontáil scáileáin; priontáil sorcóir; stionsal; priontáil aistrithe; cabhradh; bróidnéireacht; appliqué; srl.*

**agus**

**2.(b)** Is féidir bailchríocha fabraice éagsúla a chur ar theicstílí.

**(i)** Mínigh an fáth a n-úsáidtear bailchríocha fabraice ar fhabraic. (6 mharc)

**2 chúis @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*chun filltíní a chosc; cosc a chur ar chrapadh; chun tréithe inmhianaithe a thabhairt don fhabraic, m.sh. uiscedhíonadh, smálfhriotaíoch; chun an fabraic a chaitheamh go crua; sábháilteacht a fheabhsú; feabhas a chur ar cháilíochtaí caitheamh; chun caillteanas datha a chosc; srl.*

**(ii)** Ainmnigh bailchríoch fabraice **amháin agus** déan cur síos uirthi.
Tabhair sampla den chaoi a n-úsáidtear í ar éadaí. (9 marc)

**Ainmnigh: 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)**, Cur síos: 1 phointe amháin @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)
**Sampla: 1 phointe amháin @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

**uiscedhíonadh**: *déantar éarthach uisce fabraice; m.sh. cótaí báistí; srl.*
**frithstatach**: *coisceann sé fabraic ó a bheith teann ar an gcraiceann; m.sh. gúnaí; srl.*
**smálfhriotaíoch**: *déanann sé fabraicí níos éasca a ghlanadh agus a choinneáil glan; m.sh. seaicéid; srl.*
**frithsheasmhach in aghaidh filltíní**: *cuireann sé cosc ar fhilltíní i bhfabraicí, an gá le hiarnáil a laghdú; m.sh. seaicéid; srl.*
**meirsiriú**: *déanann sé an fabraic níos láidre agus níos ionsúití; m.sh. bríste géine; srl.*
**lasairmhoillitheach**: *le proban, laghdaítear inadhainteacht fabraice; m.sh. éadaí oíche do leanaí; srl.*

**nó**

**2.(c)** Tá todhchaí an fhaisin i lámha na ndearthóirí.

**(i)** Déan cur síos ar ionchur dhearthóirí faisin na hÉireann i dtionscal na n-éadaí agus na dteicstílí. (9 marc)

**3 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*cruthaítear fostaíocht i ndéantús, dáileadh agus díol i dtionscal na dteicstílí agus éadaí easpórtáiltear éadaí d'fhir, éadaí do mhná, éadaí do leanaí, earraí cniotáilte, éadaí spóirt, oiriúintí, fo-éadaí agus coisbheart; cuireann sé dearthóirí na hÉireann chun cinn; srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** oiriúint faisin a bhfuil tóir orthu faoi láthair i measc ceannródaithe faisin. (6 mharc)

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*málaí láimhe daite geal; málaí traschoirp; spéaclaí móra, frámaithe; spéaclaí gréine spóirt; bróga bonnarda téagartha; bairéidíní; caipín daorchluiche; lámhainní; scaifeanna; criosanna; uaireadóirí; seodra téagartha; srl.*

# Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **3(a)** agus **3(b) nó 3(c)** a fhreagairt.

**3.(a)** 'Is é 12.4% an ráta dífhostaíochta i measc daoine idir 15 agus 24 bliain d'aois.'
(*Dheireadh Fómhair 2022, www.cso.ie*)

**(i)** Tabhair sainmhíniú ar dífhostaíocht. (6 mharc)

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

*gan a bheith i bhfostaíocht i láthair na huaire, gan phost; ag lorg oibre go gníomhach, ar fáil le haghaidh oibre; srl.*

**(ii)** Pléigh na slite a dtéann an dífhostaíocht i gcion orthu seo a leanas:

- an duine aonair **2 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)
- an teaghlach **2 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)
- an tsochaí. **2 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0) (24 marc)

**an duine aonair**: *éiginnteacht airgeadais; titim san ioncam as a dtagann ísliú ar chaighdeáin mhaireachtála; bochtaineacht; riaráistí morgáiste, easpa dídine, athlonnú tithe; leithlisiú sóisialta; dúlagar; andúil - mí-úsáid drugaí/alcóil; cailliúint aitheantais/stádas; féinmheas lag; féadfaidh easpa airgid rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí fóillíochta agus sóisialta a chosc; cailleadh cuspóra agus bealaigh leasa; srl.*
**an teaghlach**: *laghdú ar chaighdeáin mhaireachtála mar gheall ar spleáchas ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh; baile éagobhsaí; d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair bunriachtanais a sholáthar; d'fhéadfadh go n-éireodh teaghlaigh gan dídean nó go bhfuil gá acu le cóiríocht éigeandála; fadhbanna caidrimh; briseadh pósta; b'fhéidir nach mbeidh leanaí in ann freastal ar an gcoláiste mar gheall ar easpa airgid; srl.*
**an tsochaí**: *costas ar an stát chun sochair a íoc; mar thoradh ar chánachas méadaithe; leantar le ciorcal na bochtaineachta; d'fhéadfaí go mbeadh daoine óga díchumhachtaithe páirteach in iompar frithshóisialta; eisimirce; pobail éagobhsaí; méadú ar bhriseadh teaghlaigh; méadú ar an ngeilleagar dubh chun an liúntas leasa shóisialaigh a fhorlíonadh; spotaí dubha dífhostaíochta; srl.*

**(iii)** Déan cur síos ar ról an oideachais chun daoine óga a ullmhú do shaol na hoibre. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*scileanna litearthachta; scileanna uimhearthachta; scileanna ríomhaireachta m.sh. meas ar údarás; poncúlacht; iontaofacht; freagracht; féinsmacht; scileanna sóisialta; taithí oibre; srl.*

**(iv)** Ainmnigh scéim reachtúil **amháin** a thugann tacaíocht do dhaoine atá dífhostaithe **agus** tabhair sonraí fúithi. (8 marc)

**Ainmnigh: 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)**, Sonraí: 1 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

*cúnamh agus sochair leasa shóisialaigh: sochar cuardaitheora poist; íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora; liúntas leasa forlíontach; íocaíocht teaghlaigh oibre; sochar linbh; liúntas éadaí agus coisbhirt um fhilleadh ar scoil; íocaíocht cúnaimh tithíochta; scéim náisiúnta breosla; scéim iasachtaí leabhar/cíosa; cártaí leighis; íosphá náisiúnta; SBCA; Abhaile; srl.*

**agus**

**3.(b)** 'Tacaíonn an t-oideachas bunscoile le foghlaim leanaí ó na naíonáin sóisir go dtí rang a sé.' (*CNCM*)

**(i)** Déan cur síos ar **thrí** shlí éagsúla ina gcuireann an t-oideachas bunscoile le forbairt an duine aonair. (15 mharc)

**3 shlí @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**forbairt fhisiciúil**: *cuidíonn an súgradh le bréagáin leis an deaslámhacht m.sh. míreanna mearaí; is féidir le hábhair phraiticiúla scileanna mínluaile agus scileanna oll-luaile a fheabhsú; forbairt ar chomhordú lámh/súl; cuidíonn spórt agus corpoideachas le cnámha/matáin shláintiúla a thógáil agus le cothromaíocht/aclaíocht a fheabhsú; srl.*
**forbairt mhothúchánach**: *faigheann leanaí óga neamhspleáchas mothúchánach ó thuismitheoirí, spreagann sé aibíocht; mothúcháin dóibh féin agus do dhaoine eile; foghlaim conas bheith tuisceanach do riachtanais daoine eile; tacú le daoine eile; mothúcháin a chur in iúl; srl.*
**forbairt intleachtúil**: *á chur chun cinn tríd an raon leathan ábhar; gníomhaíochtaí seach-churaclaim; spreagann comhghleacaithe iomaíocht; tugann scrúduithe dúshláin; cuidíonn acmhainní m.sh. leabhair, ríomhairí leis an bhforbairt; cuireann sé spreagadh ar fáil agus cothaíonn sé timpeallacht foghlama; tacaíocht do leanaí le riachtanais bhreise foghlamtha; srl.*
**forbairt shóisialta**: *féadfaidh sé a bheith foirmeálta/neamhfhoirmeálta; srl.*

**(ii)** Pléigh **trí** thoisc a imríonn tionchar ar ghnóthachtáil oideachais leanaí scoile. (15 mharc)

**3 thoisc @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*cumas intleachtúil; méid an teaghlaigh, an timpeallacht sa bhaile m.sh. saoráidí don obair bhaile; piaraí, féadfaidh siad a bheith dearfach nó diúltach; timpeallacht áitiúil; timpeallacht scoile m.sh. acmhainní ar scoil; RACE, scrúdaithe teistiméireachta a chur in oiriúint; rochtain ar ríomhairí/teicneolaíocht thacaíochta, pinn léitheora; cúntóirí riachtanas speisialta; múinteoirí acmhainne; líon beag daltaí sa rang; cláir oideachais m.sh. Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh, An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Gairmchlár na hArdteistiméireachta, an Idirbhliain; Cláir Foghlama Leibhéal 2; taithí oibre; rochtain ar oideachas tríú leibhéal, Bealach Rochtana ar Ardoideachas, Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhuine faoi Mhíchumas; srl.*

**nó**

**3.(c)** Tá Éire tar éis dul trí mhórán athruithe sóisialta agus eacnamaíochta le 20 bliain anuas.

**(i)** Pléigh an tslí a dtéann athruithe sóisialta agus eacnamaíochta i gcion ar shaol an teaghlaigh. Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- laghdú ar uaireanta oibre
- rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair a bheith méadaithe
- pá comhionann agus deiseanna fostaíochta. (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**laghdú ar uaireanta oibre**: *athrú ar stíl mhaireachtála; cothromaíocht oibre agus saol an teaghlaigh níos fearr; uaireanta oibre níos giorra; níos mó ama le caitheamh le teaghlaigh; is féidir le tuismitheoirí leanaí a bhailiú ón scoil; méadú ar ghníomhaíochtaí fisiceacha mar thoradh ar níos mó ama fóillíochta; níos lú ioncam indiúscartha don teaghlach; srl.*
**rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair a bheith méadaithe**: *is gnách go mbíonn méid an teaghlaigh níos lú; cuireann dé-ioncam le caighdeán maireachtála níos airde; caitheann leanaí níos*

*mó ama i gcúram leanaí; costas cúram leanaí; d'fhéadfadh go dtiocfadh strus, coinbhleacht ról; féadfaidh mná dul i ngleic le ró-ualach róil; éiríonn déagóirí níos freagraí agus roinneann siad tascanna tí; is féidir le máithreacha atá ag obair a bheith ina n-eiseamláirí dhearfacha do leanaí; srl.*

**pá comhionann agus deiseanna fostaíochta***: seachtain/lá oibre níos giorra; rátaí pá in aghaidh na huaire níos fearr; ioncam indiúscartha níos airde agus caighdeán maireachtála níos airde; laethanta saoire sainithe; saoire bhreoiteachta; saoire tuismitheora; saoire atharthachta; saoire uchtála; saoire bhreoiteachta agus pá breoiteachta; saoire cúramóra; comhroinnt post; am solúbtha; timpeallacht oibre sábháilte; saoire bhliantúil méadaithe; tá poist ag éirí níos lú inscne sonrach m.sh.. altraí; deiseanna níos fearr le haghaidh ardú céime; poist nua sa mhargadh fostaíochta m.sh. dearthóir gréasáin, oibríonn daoine ó bhaile; srl.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste don phobal a bhaineann le hobair dheonach.

(15 mharc)

**3 bhuntáiste @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*ní bhítear ag brath ar acmhainní ón stát; seirbhís ghasta m.sh. cúram do dhaoine scothaosta; is féidir cairdeas agus naisc a chothú; cruthaítear braistint spioraid pobail; soláthraítear scileanna nua sa cheantar; cuirtear le hobair na gcomhlachtaí stáit; cuirtear seirbhís neamh-mhaoinithe ar fáil; ofráiltear seirbhís áitiúil níos pearsanta ar fáil; dírítear ar shaincheisteanna áitiúla/sóisialta; srl.*

## Ceist 4 - Croí ábhar - 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an cheist seo **4(a)** agus **4(b) nó 4(c)** a fhreagairt.

**4.(a)** 'Meastar go bhfuil an oistéapóróis ar suas le 300,000 duine in Éirinn.'
(*www.irishosteoporosis.ie*)

**(i)** Tabhair cuntas **(i)** ar na cúiseanna leis an oistéapóróis **agus (ii)** ar na slite a dtéann an oistéapóróis i bhfeidhm ar an gcorp. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
**(1 chúis amháin, 1 éifeacht amháin, móide 2 tagairt eile)**

**cúiseanna***: easpa bia le neart cailciam ann san aiste bia ó aois óg; easpa vitimín D; leibhéil ísle éastraigin i mná iarmheanapásacha; neamhoird bhia; téististéarón íseal i bhfir; easpa aclaíocht le meáchain; caitheamh tobac; cógais m.sh. le haghaidh airtríteas réamatóideach agus soiriáise; riochtaí leighis m.sh. roinnt ailsí; an iomarca alcóil; fadhbanna thíoróideacha; ó oidhreacht; méadaíonn an riosca le haois; srl.*
**éifeachtaí**: *cnámha sobhriste/briosca; pian droma/muiníl; caillteanas airde; dromlach cuartha; guaillí cuartha; caillteanas dlús/mais na gcnámh; lobhadh na bhfiacla; srl.*

**(ii)** Déan measúnú ar **thrí** threoirlíne stíl mhaireachtála agus/nó dhiaitéiteacha le leanúint chun an oistéapóróis a chosc. (15 mharc)

**3 threoirlíne @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**stíl mhaireachtála**: *aclaíocht rialta, go háirithe aclaíocht le meáchain; ná caith tobac; teorainn a chur le iontógáil alcóil; scanadh dlús cnámh rialta a bheith agat; machnamh a dhéanamh ar TAH do mhná tar éis sos míostraithe; faigh go leor solas na gréine; srl.*
**diaitéiteacha**: *méadú ar iontógáil vitimín D; bianna saibhir i fosfar a mhéadú; méadú ar iontógáil cailciam; méadú ar iontógáil vitimín C; forlíontaí cailciam agus vitimín D a ghlacadh; iontógáil próitéine cothromaíochta, is féidir leis an iomarca nó ró-beag tionchar a bheith aige ar dhlús cnámh; seachain coscairí ionsú cailciam, m.sh. iomarcach snáithín, tainnin; srl.*

**(iii)** Pléigh an ról na lipéad bia mar fhoinse eolais do thomhaltóirí atá ag leanúint réim bia speisialta. (15 mharc)

**3 ról @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
*cuidíonn sé le tomhaltóirí cinneadh feasach a dhéanamh maidir le bia a cheannach; cuireann sé an tomhaltóir ar an eolas faoi fhaisnéis faoi chothaithigh, roghnaíonn daoine roghanna níos cothaitheacha; laghdaíonn na hailléirginí atá liostaithe an baol a bhaineann le frithghníomhú ailléirgeach; breiseáin; modhnuithe géiniteacha; srl. comhábhair atá liostaithe in ord íslitheach meáchain; cabhrú leis na roghanna níos cothaithe a roghnú; ainm agus seoladh an mhonaróra; dearbhú cáilíochta m.sh. marc Bhord Bia; táirge orgánach; srl.*

**agus**

**4.(b)** Is scil saoil thábhachtach í bainistíocht airgid.

**(i)** Ainmnigh **agus** mínigh **trí** thoisc a imríonn tionchar ar ioncam an tí. (15 mharc)

**3 thoisc @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**aois**: *is gnách go n-ardaíonn an t-ioncam mar a éiríonn daoine níos sine' ioncam laghdaithe nuair a éirítear as, faigheann déagóirí poist pháirtaimseartha chun an t-ualach airgeadais a laghdú; srl.*
***inscne**: pá comhionann do chách, tá ceannas ag fir fós i roinnt post bainistíochta; srl.*
**aicme shóisialta**: *fágann roinnt daltaí ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle an scoil níos luaithe gan cháilíochtaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh na daltaí sin dífhostaithe dá bharr; is minic go mbíonn deiseanna oideachais níos fearr acu siúd le cúlraí meánaicmeacha, níos mó seans go mbainfidís cáilíochtaí amach agus go mbeidh poist ar phá níos fearr acu dá bharr; srl.*
**grúpa socheacnamaíoch níos ísle**: *faigheann roinnt acu íocaíochtaí leasa shóisialaigh; srl.*
**tosca cultúrtha**: *cuireann cultúir éagsúla luach éagsúil ar ioncam; i roinnt cultúir, ní féidir le mná a bheith ag obair lasmuigh den teach; srl.*

**(ii)** Déan cur síos ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le plean buiséad teaghlaigh a leagan amach. (15 mharc)

**3 bhuntáiste @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*aithnítear réimsí róchaiteachais; cuireann sé slándáil airgeadais ar fáil; maolaítear an t-imní agus an strus mar go n-íocfar billí; is eol don teaghlach cá bhfuil an t-airgead ag dul; foráiltear do chásanna éigeandála; is féidir airgead a choigilt; spreagtar daoine chun fanacht go dtí go bhfuil an t-airgead acu chun rud éigin a cheannach; forbraítear scileanna bainistithe airgid; seachnaítear fiachas; seachnaítear an tobcheannach; laghdaíonn buiséadú an méid a bhítear ag brath ar chreidmheas; srl.*

**nó**

**4.(c)** 'Téann na róil éagsúla i dteaghlach i bhfeidhm ar conas a dhéanaimid caidreamh le chéile sa teaghlach.' (*www.innerchange.com*)

**(i)** Pléigh conas a d'athraigh ról an déagóra sa teaghlach nua-aimseartha. (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

*breis freagrachta le tabhairt orthu féin; aire a thabhairt do shiblíní; béilí teaghlaigh a chócaráil; níos mó ionchuir i gcúrsaí cinnteoireachta an teaghlaigh; eiseamláir do shiblíní; poist páirtaimseartha acu; cuidiú le cúram na ndaoine scothaosta; srl.*

**(ii)** Mínigh conas a thacaíonn an teaghlach le forbairt fhisiciúil agus mhothúchánach leanaí. (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**fisiciúil**: *soláthraíonn sé bunriachtanais m.sh. bia, éadaí, foscadh; cosnaíonn sé baill leochaileacha trí thimpeallacht shábháilte a sholáthar; srl.*
**mothúchánach**: *cuireann sé áit shábháilte dhaingean ar fáil chun mothúcháin a phlé; cabhrú le leanaí féinmheas maith a fhorbairt; cuidíonn sé le leanaí caidrimh shláintiúla a chothú; is eiseamláir iad na tuismitheoirí; srl.*

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 280 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 280 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 210 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 211 - 213 | 20 |
| 214 - 216 | 19 |
| 217 - 220 | 18 |
| 221 - 223 | 17 |
| 224 - 226 | 16 |
| 227 - 230 | 15 |
| 231 - 233 | 14 |
| 234 - 236 | 13 |
| 237 - 240 | 12 |
| 241 - 243 | 11 |
| 244 - 246 | 10 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 247 - 250 | 9 |
| 251 - 253 | 8 |
| 254 - 256 | 7 |
| 257 - 260 | 6 |
| 261 - 263 | 5 |
| 264 - 266 | 4 |
| 267 - 270 | 3 |
| 271 - 273 | 2 |
| 274 - 276 | 1 |
| 277 - 280 | 0 |
| | |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

# Obair Chúrsa sa Staidéar Bia

## Aistriúchán Ar Scéim Mharcála

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriuil ó bhliain go bliain.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt. Caithfear faisnéis a chur i láthair faoi na cinnteidil cuí*

**Tábla na nGrád**

| Grád | Bandaí |
|---|---|
| 1 | 144-160 |
| 2 | 128-143 |
| 3 | 112-127 |
| 4 | 96-111 |
| 5 | 80-95 |
| 6 | 64-79 |
| 7 | 48-63 |
| 8 | <47 |

## Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

| Fiosrúchán: Anailís/Taighde | 32 marc |
|---|---|

**Taighde agus anailís** **(24 marc)**

***Banda A 19 - 24 mharc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)
*Fiosrúchán*

- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht chríochnúil*** *agus* ***anailís chuimsitheach*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda B 13 - 18 marc*** (*an-ábalta - go maith*)
*Fiosrúchán*

- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *agus* ***roinnt anailíse*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda C 7 - 12 mharc*** (*bunúsach - ábalta*)
*Fiosrúchán*

- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda D 0 - 6 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)
*Fiosrúchán*

- *ina bhfuil fianaise ar* ***thuiscint an-bhunúsach agus teoranta*** *ar phríomhriachtanais an taisc*
- *ina bhfuil cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

**Gach Tasc:** *biachlár do lá áirithe/béilí 2 chúrsa/1 mhias/2 mhias/2 tháirge.* **(4 mharc)**

***Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear*** *-1/-2/-4 marc san fhiosrúchán.*
(*biachlár – cúrsa tosaigh/milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc*)
*béilí/miasa/táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán*

***Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe –*** *glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia*

**Foinsí:** ***2 fhoinse @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) **(4 mharc)**

**Acmhainní:**

| **Pleanáil agus Ullmhúchán** | **8 marc** |
|---|---|

- comhábhair (*2 mharc*), cainníochtaí (*2 mharc*), costáil (*2 mharc*), trealamh (2 mharc)
- AOP E – táirge/táirgí (*2 mharc*), trealamh (*6 mharc*)

| **Cur i bhFeidhm** | **28 marc** |
|---|---|

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta, teocht, riar/cur i láthair, blaiseadh/measúnú. **(16 mharc)**
(*Ba chóir go mbeadh an t-eolas/an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin*)
***Banda A 13 - 16 mharc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)
*Aithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*
***Banda B 9 - 12 mharc*** (*an-ábalta - go maith*)
*Aithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*
***Banda C 5 - 8*** *marc* (*bunúsach - ábalta*)
*Aithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*
***Banda D 1 - 4 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)
*Ní aithnítear aon cheann de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach beagán díobh, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

**Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh** **2 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0) **(8 marc)**
(caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil áirithe)
*Aithint* (*2 mharc*) *agus* ***míniú soiléir ar thábhacht*** (*2 mharc*) ***dhá chúinse*** *a cuireadh san áireamh a raibh baint* ***chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias/tástáil.***

**Sábháilteacht/Sláinteachas 2 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0) **(4 mharc)**
(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid/leis an mias atá á cócaráil)
*Aithint* (*1mharc*) *agus míniú* (*1 mharc*) *ar príomh-shaincheist sábháilteachta* ***amháin agus*** *an phríomh-shaincheist* ***amháin*** *a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil/an tástáil á dhéanamh.*

| **Measúnúchán** | ***3 phointe @ 4 mharc*** | **12 marc** |
|---|---|---|

An tasc a mheasúnú de réir na dtéarmaí seo a leanas: (grádaithe 4:3:2:0)

**Cur i bhfeidhm**
***Banda A - 4 mharc*** *- aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí/dúshláin shainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*
***Banda B - 3 mharc*** *- aithníodh láidreachtaí/dúshláin shainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe de na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*
***Banda C - 2 mharc*** *- rinneadh iarracht éigin láidreachtaí/dúshláin a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní/do phleanáil.*
**Sainriachtanais** an taisc
***Banda A - 4 mharc*** *- tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*
***Banda B - 3 mharc*** *- tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*
***Banda C - 2 mharc*** *- déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc.*

## Cleachtais A: Prionsabail an Chothaithe a Chur i bhFeidhm

### Tasc 1

| |
|---|
| *Tá riachtanais chothaithe an-ard ag páistí óga agus daltaí réamhscoile i gcomparáid lena dtoirt. Déantar nósanna cothaithe a bhféadann fanacht don saolré ar fad le linn na tréimhse ríthábhachtaí seo. (FSAI)*<br><br>Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair phleanáil béilí nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú do pháistí idir bliain amháin d'aois agus cúig bliana.<br>Agus na tosca seo a d'ainmnigh tú i do thaighde á gcur san áireamh agat, mol biachlár **aon** lae (trí bhéile agus sneaiceanna) a bheadh oiriúnach do pháistí san aoisghrúpa seo.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phríomhbhéile an lae.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc. 2023 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *Riachtanais chothaithe/chothaitheach nuair a* ***bhíonn béilí á bpleanáil do pháistí idir aon bhliain d'aois agus 5 bliana d'aois.***
- *Treoirlínte ábhartha i gcomhair phleanáil béilí le sainthagairt* ***do pháistí idir aon bhliain d'aois agus 5 bliana d'aois.***
- *Biachlár aon lae (trí bhéile agus sneaiceanna)*

**Fiosrúchán**

**Riachtanais chothaithe/chothaitheacha:** *cothromaíocht chothaitheach; cruthaíonn ráig fáis fhisiciúil an gá le hiontógáil gach cothaitheach; riachtanais laethúla de mhicrea/mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam mar is cuí do pháistí 1-5 bliana d'aois le cúiseanna faoi éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann; snáithín ard; iontógáil uisce; gaol idir vitimíní agus mianraí; mar.sh. Vitimín C/ionsú iarainn; Vitimín D/ionsú cailciam; cothromaíocht fuinnimh taobh le leibhéil ghníomhaíochta; treoirlínte reatha cothaitheach maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; srl..*

**Treoirlínte do phleanáil béilí:** *úsáid phirimíde bia le cothromaíocht a chinntiú; éagsúlacht bhianna; ith 3 bhéile cothromaithe agus sneaiceanna folláine gach lá; bíodh baint ag páistí i roghnú bianna nua; tairg codanna beaga; tairg bianna nua in éineacht le bianna a thaitníonn; úsáid bianna i séasúr; seachain siúcra a cur le bianna; seachain sneaiceanna mí-fholláin agus bianna próiseáilte .i. salann ard, saill sháithithe & siúcra; tabhair leite/múslaí seachas gránaigh phróiseáilte brataithe le siúcra/seacláid; tabhair gránaigh bhricfeasta treisithe le Vitimín D & iarann; meascán de ghránaigh & aráin bán agus donn; codanna beaga de thorthaí agus de ghlasraí mionghearrtha a thugtar le linn an lae; tabhair torthaí/glasraí de dhathanna éagsúla; cuir teorainn le torthaí triomaithe; seachain salann a úsáid i mbianna & le linn cócaireachta; roghnaigh feoil thrua neamh-phróiseáilte; cuir bianna a thaitníonn agus nach dtaitníonn san áireamh; ná húsáid bianna ard siúcra/milseoga mar sónna/breabanna; seachain bianna spíosracha; tabhair pónairí agus lintilí; leachtaigh glasraí le feoil agus le hanlainn; déan glasraí a ghrátáil nó a mhionghearradh & cuir isteach iad le miasa príomhchúrsa; is cóir go mbeadh bianna éasca le cogaint & le díleá. úsáid anlainn chun feoil a dhéanamh bog; is cóir go mbeadh bianna éasca le láimhseáil; gearr bianna i gcruthanna; tairg méaróga bia le ligint do pháistí níos óige iad féin a chothú; tabhair uisce agus bainne in ionad deochanna siúcraithe; tanaigh súnna torthaí; seachain deochanna le caiféin; riar béilí ag amanna rialta; seachain bianna a fhriochadh; bain cnámha as éisc; cuir lóin phacáilte i mála fuar/ fuaraithe; uibheacha bruite go hiomlán; seachain bainne leathbhearrtha, bainne almóinne, bainne cnó cócó & bainneríse; srl.*

**Miasa roghnaithe**
- **biachlár lá amháin (3 bhéile agus sneaiceanna)** (grádaithe 4:3:2:1:0)
- **ní mór riachtanais chothaithe do pháistí 1-5 bliana d'aois a chomhlíonadh**
- **ní mór príomhchúrsa a bheith ann (ón mbiachlár).**

**Measúnú (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.
*Anailís na dtátal maidir le riachtanais chothaithe/chothaitheach nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do pháistí idir 1 - 5 bliana d'aois. Treoirlínte i gcomhair phleanáil béilí – raon bianna/mias a oireann nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do pháistí 1-5 bliana d'aois etc., conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán; srl.*

**Tasc 2**

| |
|---|
| *Féadann an chailliúint nirt teacht as an laghdú nádúrtha sa mhatánmhais agus ní bhíonn daoine chomh soghluaiste dá bharr.*<br>Agus tú ag tagairt don ráiteas thuas, ainmnigh na cúiseanna taobh thiar den chailliúint sa mhatánmhais agus sa neart. Déan fiosrú agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus na tosca is cóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil d'fhonn an chailliúint den mhatánmhais a chosc/a mhoilliú agus chun meáchan sláintiúil a choinneáil.<br>Agus na tosca a d'aithin tú i do thaighde á gcur san áireamh agat, mol réimse **biachlár dhá-chúrsa** a oireann do phríomhchúrsa an lae le haghaidh an ghrúpa daoine seo. Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann de na príomhchúrsaí as do thaighde.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc**.** 2023 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *na cúiseanna taobh thiar de chailliúint mhatánmhaise agus le cailliúint nirt*
- *Riachtanais chothaithe chothaitheach nuair a bhíonn béilí á bpleanáil* ***d'fhonn cosc / moilliú ar chailliúint na matánmhaise*** *agus d'fhonn meáchan sláintiúil a choinneáil*
- *Treoracha ábhartha nuair a bhíonn béilí á bpleanáil* ***d'fhonn cosc / moilliú ar chailliúint na matánmhaise agus d'fhonn meáchan sláintiúil a choinneáil***
- *Réimse biachlár dhá chúrsa a oireann do phríomhbhéile an lae.*

**Fiosrúchán**

***Na cúiseanna faoi chailliúint matánmhais agus cailliúint nirt****: ag dul in aois; easpa cleachtaidh; calra íseal; réim bhia íseal próitéine; athlasadh; ailse agus cóireáil ailse; stróc; leibhéil íseal téististéaróin; IBS; galar céiliach; ró-úsáid alcóil; dónna; corda an dromlaigh/néarapaite galair & gortuithe; dian strus; srl.*

**Riachtanais chothaithe/chothaitheach:**

*cothromaíocht chothaitheach; riachtanais laethúla de mhicrea /mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine chun matánmhais a thógáil agus a choinneáil; dírigh ar 25-30 g próitéine i ngach béile;*
*Riachtanais carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam le cúiseanna faoin éagsúlacht a d'fhéadfadh a beith ann; snáithín ard; gaol idir vitimíní agus mianraí; m.sh. ionsú iarainn/Vitimín C; ionsú cailciam/Vitimín D; aigéid shailleacha óimige 3; ionsú vitimín D; cothromaíocht nirt i gcomparáid le leibhéil gníomhaíochta; treoirlínte reatha cothaitheach maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; srl.*

**Treoracha do Phleanáil Béilí**; *úsáid as pirimid an bhia d'fhonn cothromaíocht a chinntiú;*
*rudaí a thaitníonn nó nach dtaitníonn; iontógáil bia a chothromú le gníomhaíocht fhisiciúil; úsáid bianna ina séasúr; iontógáil ceart leachtanna; 3 bhéile cothromaithe le próitéin ard; sneaiceanna le snáithín ard; bianna le snáithín ard; seachain bianna próiseálaithe – le salann, ard le saill sháithithe & siúcra; roghnaigh bianna treisithe; sneaiceanna folláine le próitéin ard; cuir isteach spionáiste, cuineo do fhás an mhatáin thrua; cuir cnónna mionghearrtha le sneaiceanna, sailéid, gránaigh bhricfeasta; úsáid púdar bainne chun cailciam, próitéin & cion na gcalraí a threisiú; seachain anlanna troma, bianna friochta agus an iomarca siúcra nuair a chuirtear próitéin isteach sa réim bia; seachain bianna domhain fhriochta; cuir isteach raon de thorthaí agus de ghlasraí le dathanna éagsúla; srl.*

- **Miasa roghnaithe - réimse biachlár dhá chúrsa** grádaithe (4:3:2:1:0)

  - **ba chóir na riachtanais chothaithe a shásamh mar a aithnítear iad do dhuine ag iarraidh cailliúint matánmhais a chosc / a mhoilliú agus d'fhonn meáchan sláintiúil a choinneáil**
  - **ba chóir príomhchúrsa a bheith ann**

**Measúnú (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.
*Anailís na dtátal maidir leis an méid a d'fhoghlaim tú ón bhfiosrúchán faoi bhainistíocht a dhéanamh ar réim bia d'fhonn cosc nó moill a chur le cailliúint matánmhais & neart & chun meáchan sláintiúil a coinneáil; cúinsí ar chóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil d'fhonn cosc nó moill a chur le cailliúint matánmhais & neart ionas go gcoinneoidh siad meáchan folláin agus chun leordhóthanacht chothaitheach a chinntiú; cé na bianna atá oiriúnach / neamhoiriúnach, cé na gnéithe ar leith den phleanáil béilí ar chóir a chur san áireamh; conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán srl.*

**Réimse Cleachtais B: Ullmhú Bia agus Próisis Chócaireachta**

**Tasc 3**

*Is gníomhaire téachta ilúsáide é geilitín ar féidir é a úsáid i miasa milse agus neamh-mhilis.*

Déan taighde ar an ngeilitín i dtaca le gach ceann díobh seo a leanas:

- na cineálacha geilitíne ar fáil
- conas mar a úsáidtear geilitín in ullmhúchán bia
- bianna/miasa a léiríonn úsáid geilitíne
- na príomhphointí is cóir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éiríonn leat nuair a úsáideann tú geilitín.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar mias a roghnaigh tú as do thaighde.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na buntáistí agus /nó na míbhuntáistí a bhaineann le húsáid geilitíne. 2023

**Príomhriachtanais an taisc:**

- na cineálacha geilitíne ar fáil.
- conas mar a úsáidtear geilitín in ullmhúchán bia
- bianna/miasa a léiríonn úsáid geilitíne.
- na príomhphointí is cóir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éiríonn leat nuair a úsáideann tú geilitín.
- mias a roghnaigh tú ina úsáidtear geilitín.

**Fiosrúchán:**

**Na cineálacha geilitíne atá ar fáil:** *geilitín phúdraithe; duillgheilitín; agar-agar; isinglass; srl.***.**

***Conas mar a úsáidtear geilitín in ullmhúchán bianna: Geilitín phúdraithe****; spréigh púdar isteach i mbabhla a bhfuil 2-3 bordspúnóg leacht ann ( uisce/leacht an oidis); suaith agus fág go ndéanfaidh geilitín an leacht a mhaothú go mbeidh sé spúinsiúil; cuir an babhla i sáspan uisce ar éigean atá ag suanbhruith; lig don gheilitín tuaslagadh go hiomlán agus éirí trédhearcach; déan é a scagadh chun na píosaí craicinn a rinneadh a bhaint amach; lig dó fuaradh go teocht láimhe te; cuir leis an meascán é ag sruthú go socair á suaitheadh go maith; modh tapa ag baint úsáide as oigheann micreathonnach; srl.* ***Duillgheilitín:*** *maothaigh é in uisce fuar; má bhíonn níos mó ná duilleog amháin le maothú, déan iad a scagadh san uisce; clúdaigh na duillí go hiomlán; maothaigh iad go fairsingítear an geilitín & go n-éiríonn sé rocach; tógann a lán duillí níos mó ama; bain an geilitín amach as an uisce; fáisc go bog d'fhonn an bhreis uisce a bhaint, déan é a leá go mall thar teas bog (35$^0$C); suaith isteach sna comhábhair de réir a chéile; féadtar geilitín a úsáid le haghaidh tiúchana; téachta, glónrú, gléghlanadh. srl..*

**Miasa a léiríonn úsáid geilitín;** *cúróga fuara; múis; cístí cáise; bavarois; pannacotta; uachtar reoite; leamhacháin; bánghlóthach; traidhfilí uachtair; cogaintí glóthacha; paté; múnlaí feola / teirríní; glóthacha ( milis agus neamh-mhilis); srl.*

**Bunphointí ar chóir cuimhneamh orthu chun a chinntiú go n-éiríonn leat agus geilitín á úsáid:**
*úsáid an teocht is ísle is féidir le geilitín a thuaslagadh & déan é a théamh don am is lú; loitear cumas geilitíne le téachtadh má bhruithear é; déan geilitín a fhairsingiú le leachtanna fuara; cuir an geilitín tuaslagtha le bonn te chun cosc a chur leis an geilitín 'téadrú'; tógann geilitín dhá oiread ama le tuaslagadh má úsáidtear bainne nó uachtar; ná húsáid torthaí a bhfuil einsímí phróitéalaíocha iontu m.sh. anann, cíobhaí, sinséar, figí – stopann siad an geilitín ó thuaslagadh – cócaráil torthaí chun einsím a dhíghníomhachtú nó úsáid cinn stánaithe; féadann an iomarca siúcra an cumas chun téachtadh a chosc; neartaíonn táirgí déiríochta próiseas an ghlóthúcháin; íslíonn salann, súnna torthaí agus fíon (pH faoi 4) neart an gheilitín, méadaigh an cainníocht geilitín a úsáidtear; mura mbíonn duillgheilitín ar maos i gceart, lagdófar tuaslagadh an táirge; ná cuir duillgheilitín ar maos go ró fhada – tosaíonn sé ag briseadh síos ag lagdhú cumas tuaslagadh; fuaraigh meascán go comhcháilíocht ghealachán uibhe fuar sula gcuirtear geilitín leis d'fhonn torthaí, feolta, glasraí a fhuaidreamh; díscigh a leachtanna ó na solaid ar fad sula gcuirtear geilitín leo; cuir geilitín leis ón ard agus suaith chun múnlú stríoca geilitín a sheachaint; fuaraigh an mhias ar feadh 8 n-uaire a chloig ar a laghad; d'fhonn neamh-mhúnlú a éascú – spraeáil an múnla le hola sula líontar é, sruthlaigh le huisce fuar, agus neamh-mhúnlú ar siúl ísligh an múnla in uisce te ar feadh 5-10 soicind; stóráil miasa geilitín i gcoimeádán clúdaithe chun foirmiú craiceann rubarúil a sheachaint; srl.*

**Bia/mias roghnaithe-mias ina bhfuil úsáid geilitíne grádaithe á léiriú**

**mias 1 @4 mharc ( milis nó neamh-mhilis)** (grádaithe 4:2:0)

**Measúnúchán (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na buntáistí agus /nó na míbhuntáistí a bhaineann le húsáid geilitíne.

**Tasc 4**

| |
|---|
| *Tá cineálacha difriúla agus blasanna arán ag éirí níos coitianta de bharr athruithe i riachtanais agus i mianta thomhaltóirí na hÉireann. (Bord Bia)*<br><br>Déan taighde ar na cineálacha difriúla arán atá coitianta faoi láthair le tomhaltóirí na hÉireann.<br>Déan fiosrú ar dhá mhodh éagsúla chun arán a dhéanamh agus mínigh na prionsabail atá i gceist i ngach modh.<br>Ullmhaigh agus bácáil cineál amháin aráin agus bain úsáid as ceann de na modhanna a bhfuil taighde déanta agat air.<br>Déan cur síos ar an bpacáistiú agus an lipéadú a mholfá chun arán a stóráil ionas go bhfanfadh sé úr agus go mbeadh an cur i láthair tarraingteach.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis an infheidhmitheacht a bhaineann le harán a dhéanamh sa bhaile agus leis **(c)** an gcostas i gcomparáid le táirge ar fáil atá cosúil leis ar bhonn tráchtála<br>2023 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- déan fiosrú ar chineálacha arán atá coitianta le tomhaltóirí na hÉireann faoi láthair
- déan fiosrú ar dhá mhodh éagsúla chun arán a dhéanamh
- na bunphrionsabail atá i gceist i ngach cás
- pacáistiú agus lipéadú oiriúnach

**Fiosrúchán**

**Cineálacha difriúla arán atá coitianta faoi láthair:** *arán traidisiúnta donn/arán sóide bán; aráin ghiosta (neamh-mhilis & milis); aráin neamh-mhilis ( tráta/oinniún/luibh/cáis); aráin mhilse (úll/ banana/cainéal/seacláid); aráin saor ó ghlútan; aráin taos géar;aráin speilte; aráin GI íseal; aráin le síolta & aráin ilghránach; aráin leathan; aráin seagail; aráin bheorach; aráin phrátaí; srl.*

**Modhanna chun arán a dhéanamh agus na prionsabail atá i gceist i ngach cás.**

***Modh cuimilte isteach/modh fliuch/modh in éineacht;*** *úsáid sóid aráin, púdar bácála, giosta.*

***Modh cuimilte isteach:*** *tugtar aer isteach go meicniúil trí comhábhair thirim a chriathrú, saill a chuimilt isteach*

***Modh Fliuch / modh in éineacht:*** *buailtear na comhábhair ar fad le chéile; srl.*

***Sóid aráin:*** *décharbónáit sóidiam (alcaile) measctha le bláthach/ bainne géar (aigéad & leacht) táirgtear $CO_2$; srl.*

***Púdar bácála:*** *décharbónáit sóidiam (alcaile) + gealtartar (aigéad) + bainne/uisce (leacht) táirgtear $CO_2$; srl.*

***Bunphrionsabal:*** *Fairsingíonn & ardaíonn $CO_2$ agus brúnn sé suas an meascán de bharr teas an oighinn; éiríonn glútan leaisteach le taisiú agus ligeann sé don taos ardú nuair a fharsingíonn* ***$CO_2$****; téachtann glútan de bharr* ***teas*** *an oighinn; ionsuíonn gráinní stáirse uisce, atann siad, pléascann siad agus déantar geilitíniú orthu; éiríonn struchtúr an aráin níos daingne dá bharr; tarlaíonn imoibriú Maillard a chuireann le donnú; athraíonn stáirsí go deistrin: déantar crústa ar an arán; féadtar arán a dhéanamh agus modh in éineacht/modh fliuch á n-úsáid srl.*

***Giosta :*** *próiseas coipthe – briseann giosta siúcra síos agus déantar $CO_2$ agus alcól, tarlaíonn sé cheal ocsaigin; úsáidtear $CO_2$ d'fhonn arán a ardú, galaítear alcól san atmaisféar; sa phlúr, casann an einsím diastáis an stáirse go maltós; sa ghiosta, casann einsím maltáis an maltós go glúcós; casann einsím inbhéartáis an siúcrós go glúcós agus fruchtós, casann einsím síomáis glúcós agus fruchtós go $CO_2$ agus alcól; éiríonn glúcós leaisteach agus fairsingíonn an taos le linn profa; an gás atá ceannasaithe, fairsingíonn agus éiríonn sé nuair a dhéantar é a théamh; maraíonn teochtanna arda an oighinn an giosta & stopann an próiseas ardaithe; téachtann glútan; laghdaítear an teocht chun an táirge a chócaráil srl.*

***Aer****: féadtar* ***aer*** *a thabhairt isteach trí chriathrú, cuimilt isteach, bualadh, filleadh, bualadh agus fuineadh; déantar an t-aer a cheansú sa mheascán le meáin fhisiciúla, fairsingíonn aer le* ***téamh****, ardaíonn sé an t-arán agus cruthaíonn sé uigeacht éadrom srl.*

**Pacáistiú oiriúnach**: mála plaisteach pollta; mála páipéir; mála zipghlasála; coimeádáin phlaisteacha / stáin / chairtchláir; cásanna páipéir maisithe bácála ; ceangail; ribíní; etc. **Lipéadú:** ainm, dáta; comhábhair; srl. **Pacáistiú gan fiosrú -3 mharc.**

**Mias roghnaithe** – ainmnigh arán- modh fiosraithe sa taighde (grádaithe 4:2:0)

**Measúnú (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** infheidhmitheacht a bhaineann le harán a dhéanamh sa bhaile – *ceisteanna acmhainní: am, scileanna, trealamh, pacáistiú, stóráil, fáil ar chomhábhair; etc.* **(c)** costas i gcomparáid le táirge cosúil leis atá ar fáil go tráchtálach.

## Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh

**Tasc 5**

Deimhníonn an infhiaghteacht ar réimse leathan cineálacha, brandaí agus blasanna iógairt ar sheilfeanna siopaí go bhfuil go leor rogha ann do thomhaltóirí.

Déan taighde ar na cineálacha difriúla, brandaí agus blasanna iógairt ar fáil (déan tagairt do chineál, branda, blas, cion siúcra, cion saille agus costas).
Agus trí bhranda éagsúla den chineál céanna agus den bhlas céanna in úsáid déan **tástáil tosaíochta rangaithe** lena fháil amach cad é an iógart is fearr laistigh de do ghrúpa.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na torthaí a fuarthas ón tástáil. 2023

**Príomhriachtanais an taisc:**
- *taighde ar na cineálacha difriúla iógairt atá ar fáil (brandaí, méid cócó, blasanna agus praghas)*
- *tástáil tosaíochta rangaithe*
- *coinníollacha le smachtú le linn tástála*
- *táirgí roghnaithe (brandaí difriúla iógairt, cineál céanna agus blas céanna)*

**Fiosrúchán.** **(24 marc)**

- **Taighde/fiosrúchán ar na táirgí a oireann don tástáil**
  *i e. taighde ar na cineálacha agus na brandaí difriúla iógairt atá ar fáil .i. dean tagairt do chineálacha brandaí, blasanna, cion siúcra, cion saille, costas; srl.*

- **Tástáil Tosaíochta Rangaithe**

**Tuairisc:** *tugtar 3 shampla códaithe den iógart don tástálaí – 3 bhranda dhifriúla, an cineál agus an blas céanna; agus cuireann an tástálaí in iúl an méid a thaitníonn na samplaí leo; srl..*
**Aidhm na tástála:** *le cinntiú cé acu ceann de na trí bhranda iógairt, an cineál agus blas céanna is mó a thaitníonn le tástálaithe; srl.*
**Torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann**: *ordú a shannadh do na samplaí den iógart de réir rogha na dtástálaithe; srl.*

- **Na coinníollacha atá le rialú i rith na tástála a shainaithint**

Sainchoinníollacha don tasc .m.sh. méid, cruth agus dath na gcoimeádán a úsáidtear don tástáil; teocht na samplaí; cainníochtaí ar an gcuma chéanna de gach sampla; códúchán na samplaí; amú na tástála; áit a ndéantar an tástáil; leagadh trádairí; sláinteachas; ceisteanna maidir le réim bia ; etc.
**Mias roghnaithe/táirge**
**Táirgí roghnaithe: -** 3 bhranda dhifriúla iógairt den chineál céanna agus den bhlas céanna. **(4 mharc)**

**Foinsí Eolais: 2 @ 2 mharc** **(4 mharc)**

**Ullmhúchán agus Pleanáil**

- **Acmhainní (2 mharc) (**grádaithe 2:1:0). **(8 marc)**
- **Príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh (6 marc)** grádaithe 6:5:4:3:2:1:0)

**Tástáil Tosaíochta Rangaithe:** *6 thrádaire; 6 ghloine uisce, 18 coimeádán códaithe, 6 shampla de iógart A; 6 shampla de iógart B; 6 shampla de iógart C; 6 scórchárta; spúnóga; bileog tuairisce; pinn; srl.* . An uimhir ag brath ar mhéid an ghrúpa thástála

**Cur i bhFeidhm** **(16 marc)**

**Nós imeachta a leantar agus an ghné seo den tasc á déanamh**
*Ba chóir an tsraith iomlán den chur i bhfeidhm a thabhairt agus ba chóir na torthaí a chur i láthair.*

**Tástáil Tosaíochta Rangaithe (3 tháirge)**

**Bunaithe ar 6 Thástálaí:**

*Códaigh 18 coimeádán , 6 choimeádán le siombail ■, 6 choimeádán le siombail ● ;agus 6 choimeádán le siombail ▲ cuir samplaí den iógart i ngach coimeádán; eagraigh 6 thráidire uimhrithe 1-6; coimeádán amháin ar gach tráidire lipéadaithe leis an siombail ■ coimeádán amháin le siombail ●, coimeádán amháin le siombail ▲ , leanann na tástálaithe na treoracha ar an scórchárta, blasaigh gach sampla; cuir rogha in iúl le rogha 1 a chur taobh leis an sampla is fearr, rogha 2 in aice leis an gcéad rogha eile, rogha 3 in aice leis an gceann is lú a thaitníonn; bailítear na scórchártaí comhlíonta agus aistrítear na torthaí go dtí bileog tuairisce ullmhaithe; tabhair luach scórála do gach rogha .m.sh. rogha 1 (3 phointe) rogha 2 (2 phointe) agus rogha 3 (1 phointe) – tig leis na luachanna seo a bheith difriúil, nuair a dhéantar na torthaí a thaifeadadh ríomh an scór le haghaidh gach táirge – déan líon na dticeanna i ngach bosca a iolrú faoin luach scórála a sannadh don rogha sin; taispeántar na cóid agus cuirtear torthaí i láthair; féadtar torthaí a chur i láthair ar bharrachairt/ píchairt/ tábla; nigh na gréithe; measúnaigh na torthaí; srl.*

**Príomhchúinsí le cinntiú go n-éiríonn leis an tasc seo (*2 cheann @ 4 mharc*)** (grádaithe 4:2:0) **(8 marc)**

*Príomhchúinsí a d'fhéadfaí a chur san áireamh chun a chinntiú go n-éiríonn leat sa tasc seo - **coinníollacha faoi smacht** le linn tástála – códú; rogha táirgí a úsáideadh; samplaí teochta; ionannas na samplaí le haghaidh tástála; méid leordhóthanach; gloine uisce nó craicear tirim ann chun an carball a ghlanadh; tábhacht an chiúnais le linn tástála; fanann códúchán ar gach tráidire mar an gcéanna; níor chóir go spreagfadh na cóid a úsáidtear aon chlaonadh i measc na dtástálaithe; níor chóir go mbeadh aon bhaint ag daoine a dhéanann an tástáil leis an gcódú agus le samplaí a shocrú nó le torthaí a thiomsú; srl.*

**Sábháilteacht agus Sláinteachas**

**Sábháilteacht**: ***1 phointe @ 2 mharc*** **Sláinteachas:** ***1 phointe @ 2 mharc*** **(**grádaithe 2:1:0**)** **(4 mharc)**

***Sábháilteacht:*** *tástálaithe le hailléirgí – táirge le cnónna, srl.; réimeanna bia ar leith i.e. céiliach, diaibéiteas, éadulaingt ar lachtós srl.; táirgí le breiseáin/uimhreacha E; srl.*

***Sláinteachas:*** *dea-chleachtas maidir le hionad ullmhúcháin agus le hionad tástála; úsáid spúnóga ar leith le gach sampla a thástáil chun an éilliú a sheachaint;*
*láimhseáil samplaí – lámhainní plaisteacha/gloiní aon uaire; srl.*

**Measúnúchán** **(*3 phointe @ 4 mharc an ceann*)** **(**grádaithe 4:3:2:0) (**12 marc)**

**Cur i bhFeidhm**

*Measúnaigh cur I bhfeidhm na tástála le tagairt do na príomh fhachtóirí chun a chinntiú go n-éireoidh leis; fadhbanna a tharla agus na réitigh a moladh; etc.*

**Riachtanais sainiúla an taisc**

*Measúnaigh na torthaí a bhfuarthas don tástáil agus tarraing roinnt conclúidí.*
*Glac le hanailís ar na fachtóirí a d'fhéadfadh cur leis na torthaí tástála a bhfuarthas. .i. an chúis ar thaitin branda ar leith leis na tástálaithe; an chúis ar rangaíodh iad san ord san tosaíochta; srl.*

## ***Aguisín 1*** Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna

1. Riachtanais an scrúdaithe:
   Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon ***cheithre*** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú. **2 thasc do 2023 de bharr coigeartuithe.**

2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia.
   ***Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc***, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.

3. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an cur i bhfeidhm,*** marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as ***measúnú an chur i bhfeidhm***, áfach, áit a dtugtar faoi sin.
   Maidir leis na Tascanna 3, 4 agus 5, dícheadófar ***measúnú ar shainriachtanais*** freisin.

4. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán***, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as ***measúnú ar shainriachtanais an taisc***, áfach, áit a dtugtar faoi sin.

5. ***Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán***, ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.

6. Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach ***beagán scileanna próiseála*** – marc pro-rata.

7. ***Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán*** leis na riachtanais, m.sh.
   - Mias ***gan chócaráil*** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte – Tasc 1,2,4
   - Mias ***nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc*** – *Tasc 1 agus 2*
   - ***An modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh*** – *Tasc 4*
   - Mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise***

   ***Bain 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniúchán mar a léirítear thuas.***

8. ***Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc,*** m.sh. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

,

Blank Page